# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 1 | A | An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis. Sárfheasacht ar chruth agus ar struchtúr. Sárfhorbairt ar smaointe oscailte. Buaicphointe(í) sármhaith. | 34 – 40 |
| | B | Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach. Tuiscint fhíormhaith ar chruth agus ar struchtúr. Ceolmhar, agus buaicphointe(í) an-mhaith. An-dea-fhorbairt ar na smaointe oscailte. | 28 – 33 |
| | C | Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach. Pointí sosa breactha go maith. Forbairt mhaith ar smaointe oscailte agus tuiscint mhaith ar chruth, ar struchtúr agus ar eolas teicniúil. | 22 – 27 |
| | D | Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach. Tuiscint réasúnta ar chruth agus feasacht éigin ar chothroime idir mhíreanna. Tuiscint réasúnta ar struchtúr agus ar eolas teicniúil. | 16 – 21 |
| | E | Is beag ábhar séiseach agus rithimeach atá ann. Is beag an tuiscint ar an struchtúr nó ar eolas teicniúil. Droch-chruth ar an iomlán. | 10 – 15 |
| | F | Gan aon ábhar séiseach nó rithimeach, nó fíorbheagán de. Gan mórán de chruth, nó gan aon chruth, gan tuiscint ar an struchtúr ná ar eolas teicniúil. | 0 - 9 |
| | ***Laghduithe, má fhágtar ar lár nó más easnamhach:***<br>*Modhnú (suas le 4 mharc.)*<br>*Míriú (struchtúrach nó fuaimniú), dinimic, uirlis (suas le 2 mharc an ceann)*<br>*Ba chóir go mbeadh an míriú ag teacht leis na pointí sosa i séis an iarrthóra.*<br>*Ná glac ach le huirlis cheart amháin (eochair & raon).* | | |

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 2 | A | Léiríonn stíl agus samhlaíocht sármhaith, nascadh sármhaith idir focal agus ceoil agus sárthuiscint ar bhuaicphointe. | 34 – 40 |
| | B | An-diongbháilte ó thaobh na séise agus na rithime agus tuiscint an-mhaith ar fhocail, ar cheol agus ar bhuaicphointe. | 28 – 33 |
| | C | Tuiscint mhaith ar scríobh séise agus cóiriú maith ar na focail. Tuiscint mhaith ar bhuaicphointe, ar chruth agus ar chothroime. | 22 – 27 |
| | D | Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach. Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar chothroime idir mhíreanna. Tuiscint éigin ar bhuaicphointe. Tuiscint réasúnta ar eolas teicniúil agus ar chóiriú focal. | 16 – 21 |
| | E | Is beag ábhar séiseach agus tuiscint ar ghléas atá ann. Iarracht ar chóiriú focal. Beag an tuiscint ar eolas teicniúil. Droch-chruth. | 10 – 15 |
| | F | Gan aon chruth, gan tuiscint ar struchtúr ná eolas teicniúil, nó fíorbheagán díobh. Gan cóiriú ar éigean ar fhocail. | 0 - 9 |
| | ***Laghduithe, má fhágtar ar lár nó más easnamhach:***<br>*Míriú (struchtúrach), dinimic (suas le 2 mharc an ceann).*<br>*Ba chóir go mbeadh an míriú ag teacht leis na pointí sosa i séis an iarrthóra.* | | |

| C | Tuairiscíní | | Marc |
|---|---|---|---|
| 3 | **A** | An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis. Sárfheasacht ar chruth agus ar struchtúr. Sárfhorbairt ar smaointe oscailte. Buaicphointe(í) sármhaith. Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go taibhseach. Cloíonn go sármhaith leis an struchtúr tugtha. | 34 – 40 |
| | **B** | Tuiscint an-mhaith ar shéis, ar chruth agus ar struchtúr. Ceolmhar, agus buaicphointe(í) an-mhaith. Forbairt mhaith ar na smaointe oscailte. Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go maith. Cloíonn go han-mhaith leis an struchtúr tugtha. | 28 – 33 |
| | **C** | Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach. Pointí sosa breactha agus forbairt mhaith ar smaointe oscailte. Iarracht mhaith chun rithim an damhsa a choinneáil. Cloíonn go maith le struchtúr tugtha. Tuiscint mhaith ar chruth agus ar chothroime. | 22 – 27 |
| | **D** | Tuiscint réasúnta ar shéis, ar chruth agus feasacht éigin ar chothroime idir mhíreanna. Coinnítear iomláine na rithime sa damhsa go réasúnta maith. Tuiscint réasúnta ar eolas teicniúil. Cloíonn go réasúnta maith le struchtúr tugtha. | 16 – 21 |
| | **E** | Gan mórán ábhar séiseach agus rithimeach. Gan mórán tuisceana ar struchtúr ná ar eolas teicniúil. Droch-chruth. Gan mórán feasachta ar rithim an damhsa. Is beag a chloítear leis an struchtúr tugtha. | 10 – 15 |
| | **F** | Gan chruth, gan tuiscint ar struchtúr ná eolas teicniúil, nó fíorbheagán díobh. Gan feasacht ar rithim an damhsa nó fíorbheagán di. Is beag a chloíonn nó ní chloíonn ar chor ar bith leis an struchtúr tugtha. | 0 - 9 |
| | ***Laghduithe, má fhágtar ar lár nó más easnamhach:***<br>*Modhnú (suas le 4 mharc)*<br>*Míriú (struchtúrach nó fuaimniú), dinimic, uirlis (suas le 2 mharc an ceann)*<br>*Ba chóir go mbeadh an míriú ag teacht leis na pointí sosa i séis an iarrthóra.*<br>*Ná glac ach le huirlis cheart amháin (eochair & raon).* | | |

## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th colspan="2">Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="8">4</td><td rowspan="2">Dord</td><td colspan="2">0.5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda má bhíonn an nóta tribile sa tséis ceart freisin. (0.5 × 21)</td><td>10.5</td><td rowspan="2">20</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl agus eolas teicniúil</td><td>9.5</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Séis</td><td>A</td><td>An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis agus sárfheasacht ar an mbunstruchtúr armónach agus ar fhorbairt smaointe oscailte. Buaicphointe(í) sármhaith.</td><td>34 – 40</td><td rowspan="6">40</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr. Ceolmhar, agus feasacht an-mhaith ar struchtúr armónach, agus buaicphointe(í) an-mhaith. Forbairt mhaith déanta ar smaointe oscailte.</td><td>28 – 33</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach agus feasacht mhaith ar struchtúr armónach. Pointí sosa breactha go maith agus forbairt mhaith ar smaointe oscailte.</td><td>22 – 27</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar chothroime idir mhíreanna. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth.</td><td>16 – 21</td></tr>
<tr><td>E</td><td>Gan mórán ábhar séiseach agus rithimeach. Gan mórán tuisceana ar struchtúr. Oireann roinnt nótaí do na cordaí.</td><td>10 – 15</td></tr>
<tr><td>F</td><td>Gan chruth. Ní oireann ach fíorbheagán nótaí do na cordaí.</td><td>0 - 9</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td>1 mharc do gach corda ar chuid de réimniú maith é (1 × 23)</td><td>23</td><td rowspan="2">36</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht fhoriomlán réimnithe ceoil agus dúnta</td><td>13</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail chorda atá ceart</td><td>11.5</td><td rowspan="2">24</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-airítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl agus ar eolas teicniúil</td><td>12.5</td></tr>
</table>

| C | | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| **6** | **Cordaí** | 1 mharc do gach corda a oireann don tséis agus do na línte forshéise agus ar chuid de réimniú maith ceoil é. (1 × 20) | | 20 | **20** |
| | **Forshéis** | **A** | Líne na séise sármhaith laistigh den chreat armónach. Cloíonn go sármhaith le stíl dhá pháirt tríd síos | 34 – 40 | **40** |
| | | **B** | Líne na séise an-mhaith, agus oireann go maith thar an struchtúr armónach. Coinnítear stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha go han-mhaith. | 28 – 33 | |
| | | **C** | Líne na séise agus an cruth maith. Oireann an tséis don struchtúr armónach. Iarracht mhaith stíl dhá pháirt na hoscailte a choinneáil. | 22 – 27 | |
| | | **D** | Líne na séise agus an cruth réasúnta. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth. Iarracht éigin stíl dhá pháirt na hoscailte a choinneáil. | 16 – 21 | |
| | | **E** | Oireann roinnt de na nótaí do na cordaí. Is beag iarracht atá déanta an stíl a choinneáil. Is beag tuiscint ar an struchtúr. Beag tuiscint ar eolas teicniúil. | 10 – 15 | |
| | | **F** | Ní oireann ach cornóta do na cordaí. Níl aon iarracht déanta an stíl a choinneáil. Eolas teicniúil an-lag. | 0 - 9 | |

| | Tuairiscíní | Marc | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **A** | Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta, agus sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta, an ionstraimithe nó an chóiriúcháin. Nodaireacht chuí agus cur síos mionsonraithe ar phróiseas na cumadóireachta san áireamh. | 85 – 100 | **100** |
| **B** | Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, smacht an-mhaith ar scileanna cumadóireachta á léiriú, nodaireacht chuí. Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta | 70 – 84 | |
| **C** | Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, agus smacht maith ar ghnéithe ceoil, nodaireacht chuí. Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta. | 55 – 69 | |
| **D** | Buntuiscint ar an gcumadóireacht gan mórán fianaise den úrmhaireacht. Nodaireacht imleor agus cur síos imleor ar phróiseas na cumadóireachta. | 40 – 54 | |
| **E** | Ní léiríonn an t-ábhar a chuirtear i láthair mórán fianaise de bhunscileanna na cumadóireachta. Gan nodaireacht imleor. Níl aon mhionsonra de phróiseas na cumadóireachta sa chur síos. | 25 – 39 | |
| **F** | Gan aon fhiúntas nó gan ach beagán fiúntais. Gan nodaireacht leis an gcumadóireacht. Gan aon chur síos ar próiseas na cumadóireachta san áireamh. | 0 – 24 | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom | Iom |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **Sliocht 1** | (i) | Coda / Moderato assai | 1 | **8** | **25** |
| | | (ii) | timpani / citealdrumaí | 1 | | |
| | | |  | 1 | | |
| | | (iii) | basún / veidhlín(1) / dordveidhil / vióla (dhá cheann ar bith) | 1.5+1.5 | | |
| | | (iv) | croisíní; *pizz;* nóta troitheánach (athdhéanta); tonach athdhéanta; cur síos léiritheach ina dhéantar tagairt do bhuille nó do chéim shochraide<br>Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos bailí. | 2 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | <br>Marc amháin le aghaidh gach nóta atá ceart | 4 | **9** | |
| | | (ii) | Suas le dhá mharc le haghaidh gach ceann de dhá dhifríocht bhailí idir Sliocht 2 agus Sliocht 1. Glacfar le tagairtí (cruinne) dóibh seo a leanas: séis; rithim; airde; ionstraimíocht; difríochtaí bailí eile ar bith atá oiriúnach don sliocht. | 2+2 | | |
| | | (iii) | Homafónach | 1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | Téama an Ghrá / an Dara hÁbhar / II(a) | 1 | **8** | |
| | | (ii) | cordaí suas/rollta/briste ar an gcláirseach; bloc-cordaí / cordaí sioncóipithe ar ghaothuirlisí; figiúir athdhéanta ar an mbasún / dordveidhil / dord; líne síos ar théad-dord / bhasún;<br>Suas le dhá mharc le haghaidh aon chur síos bailí. | 2 | | |
| | | (iii) | tormáil timpani; cordaí tutti / B mór / móra / tonacha; dinimic *ff*; B in aoncheol sa bharra deireanach (ach amháin ar an bhfliúiteog, ar an bhfliúit agus ar an gcláirseach);<br>Suas le dhá mharc le haghaidh aon chur síos bailí. | 2 | | |
| | | (iv) | Suas le trí mharc le haghaidh aon mhionchur cruinn ar cheann amháin díobh seo a leanas:<br>*Téama Friar Lawrence* : na barraí 1 – 10 (Intreoir)<br>*Téama an Aighnis*: na barraí 112–115 (Foilsiú)<br>*Téama an Ghrá*: na barraí 184–192 (Foilsiú) | 3 | | |

| C | Cuid | Freagra | Marc | Iom. |
|---|---|---|---|---|
| **2** | (i) | Gluaiseacht 3 / Reacaireacht an Teanóir / An Chéad *Reacaireacht*<br>Teanór | 1<br><br>1 | **10** |
| | (ii) | siollach; amhránaíocht labhartha drámata; léimeanna leathana; gan lárionad tonúil; nótaí athdhéanta; saor-rithim; ornáidiú<br>Dhá ghné bhailí ar bith de líne an ghutha. | 1+1 | |
| | (iii) | tionlacan cordúil ar an orgán (agus dordveidhil) mar thaca leis an amhránaí; stíl reacaireachta secco;<br>Aon chur síos bailí ar an tionlacan | 2 | |
| | (iv) | Leagann an cóiriú siollach agus na léimeanna leathana béim ar an mbuairt (crá, léan) sa téacs; Tá sé drámata / roscach, e.g. 'Ach!'; Léiríonn an tonúlacht neamhchinnte mothú éadóchasach, brónach agus uaigneach.<br>Suas le thrí mharc le haghaidh aon fhreagra bhailí. | 3 | |
| | (v) | Dúnadh foirfe | 1 | |
| **3** | (i) | Críoch an tsaothair | 1 | **10** |
| | (ii) | vióla agus dordveidhil<br>molto flautando | .5+.5<br>1 | |
| | (iii) | canóin<br>Canóin 2 pháirt idir an vióla agus an dordveidhil, in aoncheol agus croisín eatarthu; nuair a thagann an pianó (LC) isteach (barra 15) déantar canóin 3 pháirt de, in aoncheol agus croisín eatarthu; | 1<br>2 | |
| | (iv) | 3/2 agus 3/8 ar an scór | .5+.5 | |
| | (v) | 3 ghné bhailí de stíl Gerald Barry mar a chloistear iad ina *Cheathairéad Pianó Uimh.1* | 1+1+1 | |
| **4** | (i) | Rac-cheol / Rac-cheol Crua / Rac-cheol Pop / Rac-cheol Trom | 1 | **10** |
| | (ii) | scálaí E maol mór suas; figiúr/rif athdhéanta; athdhéanamh; rithim shioncóipithe le roinnt thríphléideach; breisdubáil; seicheamh;<br>Suas le dhá mharc le haghaidh aon chur síos bailí. | 2 | |
| | (iii) | fonnadóireacht ardairde; nótaí athdhéanta; rithim thríphléideach; cantar ar shlí fhórsáilte é; focaldathú; céimghluaiseacht; seichimh; sioncóipiú<br>Dhá ghné bhailí ar bith mar a chloistear sa sliocht iad. | 1+1 | |
| | (iv) | léim ochtach i bpáirt an ghiotáir chun aithris a dhéanamh ar an "spit"(D maol go D maol); léiríonn rithim na ndrumaí caitheamh na gcloch; figiúr trí nóta síos a léiríonn "die";<br>Suas le dhá mharc le haghaidh aon chur síos bailí. | 2 | |
| | (v) | Suas le thrí mharc le haghaidh freagra mhaith a léiríonn *Bohemian Rhapsody* mar cheoldráma bréige**.** | 3 | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5A | Sliocht 1 | (i) | Cornphíopa<br>4/4 nó C | 1<br>1 | 15 | 25 |
| | | (ii) | Barra ceart ar bith de rithim an chornphíopa | 1 | | |
| | | (iii) | Consairtín / cairdín / bosca (ceoil) / fidil / veidhlín | 1 | | |
| | | (iv) | AABB / AB / AAAABABA | 1 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | Sean-nós | 1 | | |
| | | (ii) | ornáidiú ; amhránaíocht (aonair) gan tionlacan; saor- rithim; ton srónach<br>Trí ghné bhailí ar bith mar a chloistear sa sliocht iad. | 1+1+1 | | |
| | | (iii) | 7ach maol | 1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | an tséis ar an bpíb (uilleann); ornáidiú; módúil; 7ach maol.<br>Aon ghné bhailí mar a chloistear sa sliocht é | 2 | | |
| | | | Popcheol / ceol Clasaiceach / Rac-cheol / ceol comhaimseartha<br>Stíl bhailí ar bith mar a chloistear sa sliocht é. | 1 | | |
| | | (ii) | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ceart ar ghné cheart amháin den stíl ainmnithe mar a chloistear sa sliocht í. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | | Freagra | Marc | Fo-iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | B | | | Suas le 10 marc le haghaidh cháilíocht na bhfreagraí agus le haghaidh an eolais ar an topaic a roghnaíodh. | | 10 |
| | | | **A** | Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | |
| | | | **B** | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe. | 8-9 | |
| | | | **C** | Eolas maith ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 6-7 | |
| | | | **D** | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | |
| | | | **E** | Freagairt neamhleor don topaic roghnaithe ar an iomlán. | 2-3 | |
| | | | **F** | Gan freagairt ach ar éigean don topaic roghnaithe le feiceáil. | 1 | |
| | | | **NG** | Gan aon fhreagairt don topaic roghnaithe le feiceáil. | 0 | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Sliocht 1 | (i) | Ceithre bharra | 2 | 6 | 20 |
| | | (ii) | téduirlisí / gaothuirlisí adhmaid | 1.5 | | |
| | | (iii) |  (.5 don rithim agus don airde) | 2.5 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | Suas le dhá mharc le haghaidh gach ceann de dhá dhifríocht bhailí idir Sliocht 2 agus Sliocht 1. Glacfar le tagairtí (cearta) dóibh seo a leanas: an méadar; amchomhartha (4/4 a bhí ann, 3/4 anois); tempo; ionstraimíocht; uigeacht; rithim; athdhéanamh (míreanna gutha); meiliosma; difríocht bhailí ar bith. | 2+2 | 5 | |
| | | (ii) |  | 1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) |  | 1 | 9 | |
| | | (ii) | Alt | 1 | | |
| | | | an tséis céanna leis na guthanna | 1 | | |
| | | (iii) | meiliosma; seichimh; fuaimniú; Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos maith ar ghné bhailí ar bith mar a chloistear sa sliocht í. | 2 | | |
| | | (iv) | Stíl Bharócach | 1 | | |
| | | | Suas le thrí mharc le haghaidh cur síos maith. D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san áireamh sa chur síos: comhcheangail d'uigeacht homafónach agus d'uigeacht ilfhónach; pointí dúnta soiléire; na téaduirlisí a bheith chun tosaigh ar gach rud; ardairde i líne an trumpa; úsáid na timpani; páirteanna na nguthanna á ndúbailt ag na huirlisí; meiliosma i línte na nguthanna; ornáidiú; seichimh; modhnú do ghléasanna choibhneasacha; cór SATD le cloisteáil, mar a chloistear sa chantáid é; aon chúis bhailí | 3 | | |

<table>
<tr><th colspan="2">Gné</th><th colspan="2">Tuairiscíní</th><th>Marc</th><th>Fo-iom.</th><th>Iom.</th></tr>
<tr><td colspan="2">Taifeadadh</td><td colspan="2">10 sliocht ábhartha<br>Gan aon mharc más léir gur dubáladh an téip<br>Bain 0.5 marc an ceann i gcás sleachta atá go mór os cionn 30 soicind</td><td>10</td><td>10</td><td rowspan="12">100</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Páipéar</td><td>C1</td><td colspan="2">Ainm na topaice</td><td>-</td><td rowspan="3"></td></tr>
<tr><td>C2</td><td colspan="2">Foinsí iomchuí ábhartha</td><td>-</td></tr>
<tr><td>C3</td><td colspan="2">Cúig dhréacht ábhartha, chomh  maith leis an gcumadóir/gceoltóir</td><td>-</td></tr>
<tr><td rowspan="8">C4</td><td>A</td><td>Feasacht shármhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. Tagairt shármhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde sármhaith le haithint, agus freagairt phearsanta shármhaith.</td><td>77 - 90</td><td rowspan="8">90</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe. Tagairt an-mhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde an-mhaith déanta, agus freagairt phearsanta an-mhaith.</td><td>63 – 76</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh. Tagairt mhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde imleor le haithint. Fianaise éigin ar fhreagairt phearsanta.</td><td>50 – 62</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Roinnt pointí ginearálta ar an topaic ach gan aon mhionsonraí ann. Gan ach fíorbheagán fianaise ar thaighde nó ar fhreagairt phearsanta. An topaic roghnaithe róleathan chun freagairt phearsanta agus mionsonraí iomchuí a bheith ann. Is beag tagairt ann do ghnéithe ceoil na topaice nó do thaifeadtaí ceoil.</td><td>36 – 49</td></tr>
<tr><td>E</td><td>Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic roghnaithe. Gan aon fhianaise den taighde nó de fhreagairt phearsanta. Gan aon tagairt do thaifeadtaí ceoil.</td><td>23 – 35</td></tr>
<tr><td>F</td><td>Is beag an fhreagairt don topaic roghnaithe atá le haithint.</td><td>9 – 22</td></tr>
<tr><td>NG</td><td>Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe.</td><td>0 - 8</td></tr>
</table>

**Tagair do Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, leathanach 12 – 2.3.5.**
**Asbhaintí:**
- Bain suas le 5 mharc mar gheall ar cháilíocht na bhfoinsí i Roinn 2.
- Bain suas le 5 mharc (1 mharc an dréacht) as 5 dhréacht ábhartha agus/nó cumadóir/ceoltóir a fhágáil ar lár i Roinn 3.
- Bain suas le 5 mharc as gan tagairt nó as tagairtí neamhleor do shleachta taifeadta agus do dhréachtaí ainmnithe i Roinn 4.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán